Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11403/23**

**MI 590**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 325 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 325 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 325 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.6.2023
COM(2023) 325 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna dtabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE**

## RÉAMHRÁ

Le Treoir 2016/426/AE[1] leagtar síos ceanglais maidir le dearadh agus monarú fearas a dhónn breoslaí gásacha agus rialacha maidir lena saorghluaiseacht san Aontas. Le hAirteagal 4(2) den Rialachán cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 41 maidir le modhnuithe ar an ábhar a chuireann na Ballstáit in iúl i leith na gcoinníollacha soláthair gáis ar a gcríoch, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, chun na forbairtí teicniúla maidir leis na coinníollacha soláthair gáis a chur san áireamh.

## BUNÚS DLÍ

Ceanglaítear an tuarascáil seo a dhéanamh faoi Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2016/426. De bhun na forála sin, cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go ceann thréimhse 5 bliana ón 21 Aibreán 2018 agus ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú i leith tharmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana.

## AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

Ó theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/426, níor bhain an Choimisiún úsáid as an gcumhachtú. Níor glacadh aon ghníomh tarmligthe go fóill.

Mar sin féin, na cúiseanna a thug ar na comhreachtóirí an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, is cúiseanna bailí iad fós agus d’fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún leas a bhaint as an gcumhachtú amach anseo. Mar shampla, leis an Rialachán, ceanglaítear ar na Ballstáit na cineálacha gáis agus brúnna comhfhreagracha soláthair breoslaí gásacha a úsáidtear ar a gcríoch a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile i gcomhréir le hIarscríbhinn II. Mar gheall ar fhorbairt thapa an mhargaidh gáis agus úsáid mhéadaithe breoslaí gásacha ó fhoinsí malartacha, lena n-áirítear gás in-athnuaite, d’fhéadfadh sé gur gá na paraiméadair agus an fhaisnéis eile a iarrtar in Iarscríbhinn II a chomhlánú le ceanglais bhreise. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh an Coimisiún úsáid a bhaint as an gcumhachtú chun modhnú a dhéanamh ar an ábhar a chuireann na Ballstáit in iúl maidir leis na coinníollacha soláthair gáis ar a gcríoch.

## CONCLÚID

Creideann an Coimisiún, in ainneoin nár ghlac an Coimisiún aon ghníomh tarmligthe go dtí seo, gur cheart síneadh intuigthe 5 bliana a chur le tarmligean na cumhachta mar a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/426, i gcomhréir le hAirteagal 41(2) den Rialachán.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

[1] Rialachán (AE) 2016/426 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le fearais a dhónn breoslaí gásacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/142/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 99).